Comhairle AE

**PRESS GA**

**PREASEISIÚINT**
75/17
21/02/2017

# Seachaint cánach corparáide: Comhaontaíonn an Chomhairle a seasamh maidir le neamhréireanna hibrideacha

Ar an 21 Feabhra 2017, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir lena seasamh i ndáil le rialacha arb é is aidhm leo **deireadh a chur le** 'neamhréireanna hibrideacha' le córais chánach **tríú tíortha**.

Is í an dréacht-treoir an beart is déanaí as measc roinnt beart a dearadh chun an tseachaint cánach ag cuideachtaí móra a chosc.

Féachtar, leis an dréacht-treoir, le cosc a chur orthu teacht i dtír ar neamhréireanna idir dhá cheann nó níos mó de dhlínsí cánach ar mhaithe lena ndliteanas foriomlán cánach a laghdú. D'fhéadfadh sé tarlú, mar thoradh ar shocruithe den sórt sin, go ndéanfaí creimeadh substaintiúil ar bhoinn inchánacha na gcáiníocóirí corparáideacha san Aontas Eorpach.

Leis an treoir, rannchuideofar le **moltaí ECFE** 2015, lena dtugtar aghaidh ar chreimeadh an bhoinn don cháin chorparáideach agus ar aistriú brabúis.

> *"Tá an tAontas ar thús cadhnaíochta sa chomhrac i gcoinne na seachanta cánach. Is mian linn a áirithiú go ndéanfar plean gníomhaíochta ECFE maidir le creimeadh an bhoinn agus aistriú brabúis* ***a chur chun feidhme go comhleanúnach*** *i ndlí an Aontais."*
>
> *A ndúirt Edward Scicluna, Aire Airgeadais Mhálta, agus Uachtarán na Comhairle.*

Tugtar aghaidh leis an togra ar neamhréireanna hibrideacha maidir le tíortha lasmuigh den Aontas, ós rud é go gcumhdaítear neamhréireanna laistigh den Aontas cheana féin leis an 'treoir i gcoinne seachaint cánach' a glacadh i mí Iúil 2016. Is comhlánú é ar an treoir sin agus déantar leasú uirthi dá réir.

Tháinig an Chomhairle ar chomhréiteac maidir leis na saincheisteanna seo a leanas:

- maidir le, **caipiteal hibrideach rialála**, bunaítear maolú ó na rialacha i gcás earnáil na baincéireachta. Beidh teorainn ama leis an maolú agus iarrfar ar an gCoimisiún tuarascáil a thíolacadh ina ndéanfar measúnú ar na hiarmhairtí;
- maidir le **trádálaithe airgeadais**, leanfar cur chuige teoranta i gcomhréir leis an gcur chuige sin a lean ECFE;
- maidir le cur chun feidhme, foráiltear d'amlíne a bheidh níos faide ná an ceann a socraíodh don treoir ó mhí Iúil 2016. Socraítear an dáta cur chun feidhme don 1 Eanáir 2020 (bliain amháin níos déanaí) agus don 1 Eanáir 2022 a mhéid a bhaineann le foráil shonrach amháin.

## Na chéad chéimeanna eile

Tá an treoir mar chuid de phacáiste tograí maidir le cáin chorparáideach a thíolaic an Coimisiún i mí Dheireadh Fómhair 2016.

Thángthas ar chomhaontú ag cruinniú a bhí ag an gComhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais. Glacfaidh an Chomhairle an treoir a luaithe a thabharfar an tuairim ó **Pharlaimint na hEorpa**.

Beidh suas go dtí an 31 Nollaig 2019 ag na Ballstáit chun an Treoir a thrasuí sna dlíthe agus sna rialacháin náisiúnta.

Beidh aontoilíocht na Comhairle ag teastáil, tar éis di dul i gcomhairle leis an bParlaimint. (Bunús dlí: Airteagal 115 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.)

- Dréacht-Treoir maidir le neamhréireanna hibrideacha le tríú tíortha, Feabhra 2017

**Press office - General Secretariat of the Council of the EU**
Rue de la Loi 175 - B-1048 BRUSSELS - Tel.: +32 (0)2 281 6319
press@consilium.europa.eu - www.consilium.europa.eu/press